



*Peirspeictíocht Éireannach ar Litríocht na hEorpa:
Saothar Shéamuis Uí Choigligh*

Micheál Ó Súilleabháin

Peirspeictíocht Éireannach ar Litríocht na hEorpa:
Saothar Shéamuis Uí Choigligh

Peirspeictíocht Éireannach ar Litríocht na hEorpa:

Saothar Shéamuis Uí Choigligh

Micheál Ó Súilleabháin



LIBRARIES
LEABHARLANNA

CORK CITY COUNCIL | COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ

2013

Arna fhoilsiú ar líne ag:
Leabharlanna Cathrach Chorcaí,
57-61 Sráid an Chapail Bhuí, Corcaigh

© Mícheál Ó Súilleabháin

Arna chur in eagar ag Seán Ó Maoláin

Céadfhoilsithe ar láithreán gréasáin
www.leabharlannacathrachchorcai.ie i 2013.

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

Dearadh clúdaigh: Stephen Leach

Tá na foilsitheoirí buíoch as caoinchead a fháil ó fhoilsitheoirí *Comhar* agus *Feasta* le sleachta a úsáid ó na hirisí úd, agus do chlann Shéamuis Uí Choigligh as sleachta a lua ó *Sándor Petöfi: File Náisiúnta na hUngáire*. Tugann na foilsitheoirí aitheantas do www.ainm.ie mar fhoinse eolais bhreise. Gabhaimid buíochas freisin don *Irish Examiner* don phictiúir de Shéamuis Uí Choigligh.

Údar na hAiste



Is i gCathair Phort Láirge i 1933 a rugadh an Dr Micheál Ó Súilleabháin, údar na haiste seo. Tar éis dó cúig bliana a caitheamh ina oifigeach cléireachais i Halla na Cathrach ansiúd, bhain sé céim BA (Gaeilge agus Gearmáinis) agus BComm amach in Ollscoil na Éireann, Gaillimh, agus céimeanna BacScOec agus DrScPol in Ollscoil Kiel sa Ghearmáin. Chaith sé na blianta 1967-98 ag teagsasc na hEacnamaíochta in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh. Ba bhall de Choiste Rialaithe UCC agus de Sheanad Ollscoil na hÉireann é ar feadh tréimhsí áirithe.

Brollach

Sé atá san e-leabhrán seo ná aiste fhiúntach ar shaothar Shéamuis Uí Choighligh (1916-2010), ileolaí, léirmheastóir ar litríocht na hEorpa, eolaí ar theangacha uile na Mór-roinne, craoltóir, agus duine a raibh eolas fairsing aige ar stair na hÉireann, ar mhatamaitic, ar an léann religiúnach, agus ar stair na fealsúnachta. B'iar-chomhghleacaí Bardais é Séamus linn, a thosaigh mar oifigeach cléireachais i Halla na Cathrach i gCorcaigh agus a chríochnaigh a ghairmréim mar choimeádaí i Músaem Chorcaí.

Seanchara de Leabharlanna Cathrach Chorcaí ab ea Séamus Ó Coighligh. Dúirt an Coiglíoch tráth, “Fuaireas mo cheachtanna ar scoil, ach fuaireas m’oideachas sa leabharlann”. Tá fíoráthas an domhain orainn sna Leabharlanna an aiste thábhachtach seo a fhoilsiú.

Tá Leabharlanna Cathrach Chorcaí ag cur aiste seo an tSúilleabhánaigh ar ár suíomh Gréasáin — gar do *Our Friend Ethel Lilian Boole/Voynich*, aistriúchán ón Rúisis a rinne an Coiglíoch nuair a shroich sé 90 bliana d’aois — ag www.corkcitylibraries.ie/aboutus/librarypublications/.

Liam Ronayne
Leabharlannaí Cathrach Chorcaí

Réamhrá

Trí nithe a shainigh Séamus Ó Coigligh: bhí buan-charadas idir é féin agus Seán Ó Ríordáin, file; bhí cur amach cuimsitheach aige ar litríocht na hEorpa; agus chuir a léamh ar shaíocht na hEorpa mór-chomaoin ar lucht léite na Gaeilge.

Deir an foinse eolais www.ainm.ie gur mar chara dílis Sheáin Uí Ríordáin is mó a tarrangaíodh aird lucht litríochta na Gaeilge ar Shéamus Ó Coigligh. Is iomrall breithiúnais é sin, dar linn. Measaimíd gur comhthábhachtach a léamh ar litríocht na hEorpa. Chuige sin iniúchfaimíd ar scríobh Séamus faoi litríocht na Spáinne, na Rúise agus na hUngáire. Tabharfaimíd aird ar bharúla neamhfhoilsithe de shaothar Shéamuis. Ina theannta san caithfimid léas ar easnaimh áirithe a bhraitear ar eagarthóireacht an tsaothair sin.

In Eanáir-Márta na bliana 1955 d'fhoilsigh *Feasta* tráchtas trí-chodach ó pheann Shéamuis ar *Nua-Véarsaíocht na Spáinne*. I Márta-Bealtaine na bliana dá éis d'fhoilsigh *Feasta* tráchtas breise trí-chodach in ar phléigh sé *Creideamh agus Ainchreideamh i bhFilí Móra na Rúise: Ó Pushkin go Pasternak*. Agus raon uaigneach á threabhadh aige lean sé ar aghaigh ar leathanaigh *Comhar*. San iris sin d'fhoilsigh sé sraith chúig-chodach darb teideal *Súil Soir* agus sraith shé-

chodach darb teideal *An Rúis agus an tIarthar*. Cuireadh clabhsúr ar an tsraith dheiridh le *Caitliceachas: An Rúis i bhFeabhra* na bliana 1964.

Bhí ceist an spáis ag déanamh tinnis don scríbhneoir agus don eagarthóir/ foilsitheoir araon. Breathnaigh *Feasta*, mar shampla. Ach cloí le gnáth-chló d'fhéadfaí thart ar 750 focal a shuíomh ar leathanach agus thoillfeadh tuairm is 2,000 focal lán-alt ar ghnáth-mhéid. I *Nua-Véarsaíocht na Spáinne* bhí 9,000 focal i gcló rí-chúng le haghaidh 'tráchtais' — mar a thug *Feasta* air — a bhí leanúnach gan fo-roinnt ar bith. Níor thógtha ar an eagarthóir a mheas go raibh an scríbhneoir imithe thar fóir. Sa dara tráchtas bhí 5,500 focal i meascán idir mhion-chló agus chló rí-chúng. An turas seo bhí an téacs fo-roinnte faoi thrí. Bhí tamall *Feasta* istigh. Nuair a d'fhoilsigh *Comhar* an tsraith *Súil Soir* agus an tsraith *An Rúis agus an tIarthar* ba léir laincis na heagarthóirteachta orthu.

Dála go leor scríbhneoirí eile shantaigh Séamus Ó Coigligh a shaothar a fheiscint i bhfoirm mhaisiúil leabhair seachas i gcnuasacht d'altanna irise. Ba dhóbaire dó an bheart a dhéanamh sa bhliain 1956 nuair a bronnadh Duais Oireachtais ar thráchtas dá chuid ar Shaol agus Shaothar Vladimir Mayakovskii ach is cosúil gur braitheadh an t-iarracht a bheith ró-intleachtúil. Bronnadh Duais Oireachtais ar Shéamus arís sa bhliain 1974 as *Sándor Petöfi: File Náisiúnta na hUngáire* ach is cosúil gur le cúinsí móra a foilsíodh an saothar seacht mbliana déag dá éis.

Luamar i dtús báire cur amach cuimsitheach an Choigligh ar litríocht na hEorpa, agus a léamh ar a saíochtsan. Bíodh súil againn tuilleadh airde a tharraingt ar a shaothar de bharr ár ndíchill san aiste.

MOS

I

Bhí buan-nasc caradais idir Sheán Ó Ríordáin, file, agus Séamus Ó Coigligh (féach Seán Ó Coileáin, *Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar*, 1982). Maíonn Séamus ('Cuimhní Chara', *Comhar*, Meán Fómhair 1977; agus 'Shem agus Seán' in *An Duine is Dual*, ead. Eoghan Ó hAnluain, 1980) go mba mhinic dó féin agus don Ríordánach cúrsaí scríbhneoireachta a phlé. Ilbhéarlach abea Séamus a raibh ar a chumas príomhtheangacha na hEorpa ar fad a léamh. Is mar thráchtair ar chúrsaí cultúir agus polaitíochta Oirthear na hEorpa ab fhearr aithne air, go háirithe mar cholúnaí san *Irish Times* ('An Eye on Russia' agus 'An Eye on Eastern Europe 1959-72).

Nuair a d'íarr Proinsias Mac Maghnais air thart ar 1951-52 sraith cainteanna a réiteach do Radio Éireann, is ar litríocht na Spáinnise sa leath tosaigh den 20ú aois is túisce a thug Séamus aghaidh. Sa bhliain 1955 foilsíodh na cainteanna sin i *Feasta*. Bhí breis agus 11,000 focal sa tráchtas agus ba ghá dá réir áis a bhaint as cló beag, agus an saothar a fhoilsiú ina mhír agus ina mhír ó Eanáir go Márta 1955.

Bhí an Club Leabhar i mbarr a réime ag an am agus is beag cathair nó baile mór a bhí gan Ciorcal Léitheoirí. Níor thaise

do Phort Láirge, mo bhaile dúchais. Sheol an Club Leabhar Séamus Ó Coigligh chugainn ar 18 Feabhra 1956 chun léargas a thabhairt ar ‘Nua-Fhilíocht na Rúise’. Feadh mo chuimhne bhí liricí Vladimir Majakowski i lár an aonaigh an oíche sin. Leathbhliain ina dhiaidh sin fógraíodh gur bhain tráchtas Shéamuis ar ‘Vladimir Majakowski’ duais Oireachtais. “Cad d’imigh ar an láimhscríbhinn?” arsa mise leis. “Theilgeas sa chiseán brúscair í”, do fhreagair sé agus cuma lagmhisnigh air.

Cé nár foilsíodh an duais-iarracht, níor thug Séamus cúl leis na Rúisigh. Sa tréimhse Márta-Bealtaine 1959 d’fhoilsigh *Feasta* léargas trí-chodach dá chuid ar “Chreideamh agus Ainchreideamh i bhFilí Móra na Rúise: ó Pushkin go Pasternak”. Thart ar 1,800 focal a bhí i ngach mír acu. Nuair a chuir an *Irish Times* colún i mBéarla in áirithe do Shéamus bhí léitheoirí ar lic an dorais aige a raibh cur amach acu ar chor na Rúise mar b’fhacthas d’intleachtóirí Shasana agus na Stát Aontaithe é. Thapaigh Séamus an deis, arnó, ach ar aon uain leis sin thionscnaigh sé sraith altanna darb teideal ‘Súil Soir’ i *Comhar* a mhair sé mhí. Is tráchttaireacht chomhaimsireach ar fhilí agus ar fhilíocht na Rúise ba rún dó an turas seo. Dhá bhliain dá éis dhírigh sé an fócas ar Vladimir Solovyov sa tsraith ‘An Rúis agus an tIarthar’ (*Comhar*, Eanáir-Feabhra agus Meitheamh-Iúil 1964). Lena chois sin foilsíodh altanna i *Comhar* inar phlé Séamus saothar Patrick Galvin (Samhain 1962), Samuel Beckett (Deireadh Fómhair 1964) agus Sean O’Casey (Samhain agus Nollaig 1964) as peirspeictíocht Rúiseach.

File aonair Ungáireach ab ábhar don chéad mórshaothar eile ó pheann Shéamuis, saothar a bhain duais Oireachtais amach sa bhliain 1974. D'fhoilsigh Coiscéim an saothar sa bhliain 1991, *Sándor Petöfi: File Náisiúnta na hUngáire*. B'é teacht an tseagail é gan aon agó.

Go hiondúil d'athghléas Séamus smutaí filíochta sa bhunteanga i bprós na sprioctheanga; rinne athdhéantús ar aithris an bhundhéantúis. D'fhéach sé le léas a chaitheamh ar rún an fhile a bhí faoi chaibidil aige agus ar fhoirm agus ar fhriotal a shaothair. Déanaim talamh slán de gurbh é bun-chuspóir Shéamuis iomthúsa a dhéanamh dá lucht léite agus cuidiú leo cur amach comhshamhlaitheach a fháil ar fhilíocht na hEorpa. Is léir go raibh rath thionscadail dá shórt ag braith ar inniúlacht an iomthúsaí ar an mbunteanga agus ar an sprioctheanga araon agus ar a raibh de bhéarlagar na critice ar a thoil féin aige agus ar eolas ag lucht a léite. Ceist mhór bhreise abea cumas an scríbhneora leibhéal eolais lucht a léite a thomhas go cruinn.

II

Thosnaigh oilithreacht liteartha Uí Choigligh i gcríocha na Spáinnise le linn dos na Stáit Aontaithe (c. 1898) fearann claímh a dhéanamh de mhion-chóilíní Spáinneacha dála na bhFilipíní, Chuba, agus Puerto Rico. Bhí imní ar phobal na máthair-thíre ach go háirithe go raibh an sean-nasc cóilíneachta i mbaol a scaoilte. An baicle filí ara dtugtaí ‘Glún ’98’, d’fhéachadar le meanma úr a mhúscailt; threoraigh Miguel de Unamuno, scríbhneoir iltréitheach agus fealsamh, agus José Ortega y Gasset, fealsamh, a muintir ar chonair na féiniúlachta. Isé shantaigh Unamuno, i bhfocail Uí Choigligh, “an uilíocht a neadaíonn i gcroí istigh an uile dhuine againn, an uilíocht atá ionchollaithe san gcine, san gcreideamh, san teangain dhúchais” a thabhairt chun suntais.

Níorbh amhlaidh, áfach, do fhilí an Modernismo i Meiricá Láir agus Meiriceá Theas. Má ghnáthaíodar paidrín dá ndéantús féin, dob iad ceiliúradh na gcéadfaí agus eisteitic na deilbhe na clocha ba throime ar an bpaidrín sin. “Ní mó ná sásta”, adeir Ó Coigligh, “a bhí [na filí seo] le sean-mhúnlaí stálaithe bhéarsaíochta a bhí á gcleachtadh ina dtíorthaibh dúchais . . . Marti agus Casal i gCuba, Silva i gColumbia, Gutierrez Najera i Mexico agus an file ba mhó orthu go léir, Rubén Darío i Nicaragua”.

Nuair a foilsíodh céad leabhar filíochta Darío (1896), ba chnuasach de dhánta é, adeir Ó Coigligh, “a chuir as go mór do na seaniondúirí acadúla ach gur chuir a míneadas úr mothaithe agus a bhfoirfeacht, mar le ruidhleas ealaíonta foirmeach de, na filí óga faoi bhriocht láithreach”. An té lorgós an focal ‘ruidhleas’ i bhFoclóir Uí Dhónaill (1977), ní bhfaighidh sé roimhe ach brí amháin — ‘ruíleas’: ‘freehold’. Tá iliomad brí ag Foclóir Uí Dhuinnín (1927), áfach, agus ina measc tá ‘ruidhilse a ndeilbhe’: ‘the appropriateness of their form’. Ba inmholta í iarracht Uí Choigligh an dé a choinneál i dtéarmaí chomh luachmhair san. Tharraing Séamus áird ar dhán de chuid Darío, ‘Marcha Triunfal’, dán “(más ceart don Ollamh Valbuena Prat) ná fuil a shárú le fáil i bhéarsaíocht uile na Spáinne, de thairbhe ceoil agus snoiteacht deilbhe de — línte cothroma, bhéarsaíocht scaoilte, rithim socair agus breactraidh iontach ceoil a chuirfeadh saothar Wagner i gcuimhne do dhuine”. Ina dhiaidh sin, cad is fiú deathuairisc dá fheabhas ar dhán muna gcuirtear an dán féin ar a súile don lucht léite?

Chuir Ó Coigligh spéis ar leith i gcur chuige Antonio Machado, duine de mhór-údair na linne sin. “Mheasas riamh”, adeir Machado, “nárbh í an bhriathair gona foghar, ná gona dath, ná gona deilbh, bithbhrí na filíochta, ná nárbh í cúmplasc na mothúchán í ach chomh beag, ach gurbh í bíogarnaíl doimhin na spioraide í agus í ag beofhregairt do chomh-thadhall na cruinne”. B’fhacthas do Machado go bhféadfaí, mar a deir sé, “teacht aniar aduaidh ar bhriathra áirithe agus ar a gconbharsáid phríobháideach; go bhféadfaí aithint idir an guth beo ionta agus an macalla marbh. . . .

Sidí ealaí agus pribhléid an fhile: an bhuaire do bhronnadh ar an am, agus nuair a éiríonn leis an bhfile ruail an ala do shamhlú trí bhíthin na filíochta, bronnann sé an bhuaire uirthi”. Ní ar terra incognita a bhí Séamus ag coisíocht annsúd mar is léir go raibh Réamhrá *Eireaball Spideoige* á mheabhrú dhó.

Ach a chion faoi Antonio Machado a bheith scríofa aige, thosnaigh Ó Coigligh an chéad abairt eile leis na focail “Cheal spáis” agus dhruid chun críche leis na focail “ní abróid ach beagáinín i dtaobh Juan Ramón Jiménez”. Idir eatorra breacadh thart ar chéad focal. Seo cuid dá ndeir sé: “Thárla ná tiocfadh liom a dhánta broithnithe, druidte, déarscna, do-inste, gona stíl cheolmhar impreisiúnach, d’aistriú go Gaeilge gan iad do loit-mhilleadh seacht ní ba mheasa ná mar do mhilleas saothar na bhfilí romham”. Ón uair nach bhfuil a chothrom de thuairisc thuaiplisiúil i saothar Shéamuis, isé an trua é gurbh é Jiménez, file ar ar bronnadh Duais Nobel air sa bhliain 1956, a bhí thíos léi. De chionn nár aistrigh Séamus oiread agus dán Spáinnise iomlán go Gaeilge, níor chall dó a bheith á chúiseamh féin as saothar na bhfilí roimhe a mhilleadh. Na filí ar chaith sé dua ar leith leo, dála Lorca agus Alberti, mar shampla, rianaigh sé a saothar le flosc agus le dúthracht.

Sa tréimhse 1925-28 ba mhithid tonn nua filíochta agus an turas seo bhí bá an phobail le filí óga dála Federico Garcia Lorca agus Rafael Alberti. Measadh go raibh filíocht thíoracasach na ndaoine agus filíocht ‘chultúrtha’ na leabhar lámh ar lámh i *Romanceros Gitano*, mór-shaothar

Lorca (1928), ach go háirithe. Cuireann Ó Coigligh na línte samplacha seo as an dán ‘La Casada infiel’ faoin ár mbráid:

*Sucia de besos y arena
Yo me la llevé del rio.
Con el aire se batian
Las espadas de los lirios.*

Aistríonn Ó Coigligh na línte sin, focal ar fhocal:

Smeartha le póga is le gainimh mar bhí sí
Thugas liom í ón abhainn.
I ndeabhaidh leis a aeir do chuaidh
Claímhthe na lilí.

“Mar is eol do chách” adeir sé, “Is ionann an lile agus an gheanmnaíocht” agus maíonn sé gur aithrigh Lorca gnáth-ord iondual na bhfocal ar mhaithe le “codarsnacht agus namhadas na geanmnaíochta do dhrúis na beirte atá ag filleadh ón abhainn” a chur abhaile orainn. Braithim go raibh lámh fhoisteanach i mbun an phinn a ríomh an tuairisc sin ar chleas Lorca. Dob fhada ó chiumhais na habhann sin a bhí Lorca agus é curtha faoi in Ollscoil Columbia (Nua-Eabhrach) sa bhliain 1929. Ghoill meicneacht bhrúidiúil ‘shibhialtacht’ agus ‘dhul-chun-cinn’ Mheiriceá air agus chuir scanradh agus alltacht air mar a léiríonn tuairisc Shéamuis ar *Poeta en Nueva York*.

Dob í *Sobre los Angeles* (1929) an díolaim a ghnóthaigh ionad ar chomh-ghradam le mór-fhilí a linne do Rafael Alberti. Sna dánta seo, adeir Ó Coigligh, “brúann fórsaí

scanrathacha anaithnide chun tosaigh, fórsaí atá os cionn a smachta, ach a bhaineann, mar sin féin, le dubhshraith diamhrach a dhaonnachta”.

*Viento contra viento
Yo, torre sin mando, en medio.*

Gaoth in aghaidh gaoithe
Is mise im thúr gan údar i gcuilthe na hannaithe.

“Déantar páirc chatha d’anam an fhile ag fórsaí atá insa “ndóirsí fola, ina mílte fuath is ina gceathanna aingíochta, aigéanta”:

*Son puertos de sangre
Milenios de odios
Lluvias de rencores, mares.*

“Den chéad uair”, adeir Ó Coigligh, “bhí an file ag féachaint isteach i súilibh fiatúla na beatha so; bhí sé ag féachaint ar a ceannaighthe gránna, gan puinn de chosmaid ná de cheileatrom na rómánsúlachta uirthi agus bhí na faithní dá mbaint dá shúilibh”.

III

Murach díograis na n-irisí *Feasta* agus *Comhar* bheadh pobal léite na hÉireann an tráth sin taobh le hirisí Béarla na tíre seo (dála *The Bell*, *Envoy*, agus *Studies*) chun léargas ar litríocht na hEorpa a roinnt leo. Le cois na n-irisí ba dheis tacaíochta chomh maith iad comórtaisí litríochta an Oireachtais. Ag meas tráchtas Uí Choigligh ar Majakowski dó dúirt an moltóir Oireachtais, an tOllamh Daithí Ó hUaithne (24.09.56), “Is minic ráite é go gcaithimid éaló ó dhraoidheacht an Bhéarla nó táimid chun aon tslacht do chur ar ár litríocht féin; ní fearr aon tsás chuige sin ná eolas d’fháil ar imeachtaí i dtíortha nár tháinig fé anál an Bhéarla. Ní heol dom aon leabhar sa Ghaeilge go bhfuil an chuspóir sin bainte amach chomh maith san aige agus atá ag an iarracht so”. Nocht Sáirséal agus Dill spéis i bhfoilsíú an leabhair ar bhonn bhreith Uí Uaithne, “fear”, mar adúirt Seán Ó hÉigeartaigh, stiúrthóir an chomhlachta, “nach raibh rothugtha don mholadh”. Faraor, níor cuireadh an duais-iarracht faoi bhráid phobal na Gaeilge cheal airgid. [Chonac an dá scríbhinn seo i seilbh Shéamuis Uí Choigligh].

Ar an mbeagán Éireannach a chaith dua le foghlaim na Rúisise tráth an ama sin bhí Art Ó Beoláin agus Eoin McWhite, arbh é Taidhleoir na hÉireann chun na hÍsiltíre é nuair a cailleadh é de dheasca timpiste sa bhliain 1972. Bhí sé ina “authority on Russian literature and particularly

on Russian connections with Ireland”, dar le heagarthóir *Studies*. Ba mhór é meas na beirte sin, Uí Bheoláin agus White, ach go háirithe ar éirim agus inniúlacht Uí Choigligh, buanna go mba cruthú breise orthu an chaoi inar iompaigh an Corcaíoch taobh tuathail shaol na Rúise agus Oirthear na hEorpa anáirde i gcolún míosúil, ‘An Eye on Russia’ agus ‘An Eye on Eastern Europe’ san *Irish Times* sna blianta 1959-72.

Cíoraimís seal ceist ‘Chreideamh agus Ainchreideamh i bhFilí Móra na Rúise: ó Pushkin go Pasternak’ (*Feasta*, Márta-Bealtaine 1959). Ag réiteach chun bóthair dó, meabhraíonn Séamus don léitheoir iomarbhá iomráiteach na bliana 1847 idir Belinskii agus Gogol gan ceann a thógaint de leibhéal aineolais an léitheora sa chomhthéacs céanna. Is áisiúla go mór mar lóchrann sa duibhthean úrscéal mór Dostoevskii. “An té a léann *Na Deartháireacha Karamazov*”, adeir Séamus, “ní beag a thuiscint ar anam an Rúisigh. Ivan, an ceistiú gan chreideamh; Alesha, an creideamh gan cheistiú; Dmitri, an cholann anbhfan agus an spiorad ullamh. Tá an triúr acu coitianta go maith san Rúis — nó bhí san 19ú céad. Uaireannta, gheibheann tú iarracht de bheirt nó den triúr acu le chéile san aon duine amháin. Is minic an t-ainchreideamhach ar tháirsigh an chreidimh; ní hannamh an mystic i mogall na collaíochta”.

Áitíonn Ó Coigligh go láidir go mba mhór idir an Pushkin óg a scríobh an ‘Gavriliada’ blaisféimeach, maslach sa bhliain 1821 agus an Pushkin a scríobh deich mbliana nó breis ina dhiaidh sin. “Ní hannamh a luaitear an frith-reiligiúnachas

le Lermontov” (1799-1837), adeir Séamus, ach “Téann díom aon rian de a thabhairt fé ndeara ina chuid filíochta”. Deir sé ansin, “Nuair a fiafraíodh de Krushev le déanaí cérbh iad na scríbhneoraí ab ansa leis, do fhreagair sé, “Tolstoi, Turgenev, Nekrasov”. Bé ba dhual do Nekrasov, dar leis féin, “sean-téama fulangtha na ndaoine” a chanadh. Bhraith Séamus go bhfuil “dreach agus ceannaithe Chríosta ar an muintir seo le Nekrasov”. Dob é Nekrasov a chuir Fyodor Tyutchev in aithne do phobal léitheoireachta na Rúise i gcéadóir. Ba chreidmheach é Tyutchev agus é bródúil as spioradáltacht a mhuintire. Seo insint Shéamuis ar smuta dáin dá chuid:

Ni thuigfidh, ná ní shonróidh,
Súile uaibhreacha an duine iasachta
Cad tá ag lonradh go rúnda i do nochtacht umhail
Fé ualach ró-throm na croise, a dhúthaigh liom,
Siúlann Rí na bhFlaitheas, i riocht sclábhaí,
Agus beannaíonn an uile órlach díot.

Caitheann an dara mír de ‘Creideamh agus Ainchreideamh’ le Solovyov, Blok, agus Belyi. Deir Séamus, “Más linn saothar Vladimir Solovyov agus a chuid deisceabal — na samhlánaithe Blok, Belyi, Merezhkovskii, Grippius — do thuiscint i gceart ní fearr rud a dhéanfaimís ná an ‘Chorus Mysticus’ ag deireadh na tarna coda de *Faust* Goethe do thabhairt chun cuimhne:

*Alles Vergängliche
Ist nur ein Gleichnis;
Das Unzulängliche, hier wird’s Ereignis;*

*Das Unbeschreibliche,
Hier ist's getan;
Das Ewig-Weibliche
Zieht uns hinan.*

Is rí-spéisiúil, aislingeach í tuairisc Shéamuis ar an triúr úd, Solovyov, Blok, agus Belyi agus is léir go raibh sé go máistriúil os cionn a bhuille ag tagairt dó do Solovyov ach go háirithe. Fiafraíonn sé, “Arbh fhísí nó carlatan é an fear aduain so?” (Solovyov), agus tugann mar fhreagra, “Is cinnte nár carlatan é agus is cuma cad is dóigh linn de Sophia, an tSaíocht Bheannaithe, agus an Ewig-Weibliche leath-mhisticeach leath-chollaí, ní féidir dúinn a shéanadh go bhfuil doimhneacht agus tábhacht neamhghnách ag roinnt leis an gcuid eile dá shaothar ar ‘Dhá Léacht Déag ar an Daonnacht Diaga’ agus ar an obair go léir do dhein Solovyov ar son fíor-aondacht na hEaglaise Críostaí ar fud na hEorpa”. Ina dhiaidh sin measaim gurb amhlaidh a mheall an ‘Ewig-Weibliche’ ar seachrán gan cúiteamh sinn ó théama an Chreidimh agus nach dóigh ar chor ar bith go raibh cur amach ag ghnáthléitheoirí *Feasta* ar chonair corrach Faust (nó Mephistofeles!).

Sa tríú mír pléann Ó Coigligh Esenin, Mayakovski, agus Pasternak. Dheallródh go mba dhual dos na Spáinnigh agus na Rúisigh a bheith ag coraíocht le Dia luath nó mall. Léiríonn Séamus an file Esenin i dtús a shaoil: “Chan sé áilleacht rómánsúil na tuaithe, chan sé ‘O sladchaisem Isuse’ (Íosa Críost ró-mhilis), chan sé an fómhar”. Nuair a tháinig an Réabhlóid sa bhliain 1917, d’fháiltigh Esenin roimpi. Ba ghearr áfach go raibh mearbhall air agus “d’fhéach sé

leis an mearbhall do mhúchadh le teann bladhmainn agus blaisféime”. Ach “d’ainneoin a dhíchill níor fhéad an file an saol nua do thuiscint”:

Is teanga iasachta liom friotal mo chomh-shaoránach;
Is cosúil le heachtrannach i mo thír féin mé.

Ar 27 Mí na Nollag 1925 “ghearr Esenin caola a dhá lámh, bhreac dán ceiliúrtha ar an bhfalla leis an bhfuil — agus annsan do chroch sé é féin!”

B'é tuairim Stalin é gurbh é Vladimir Mayakovskii príomhfhile na Réabhlóide Sóibhéidí. Áitíonn Ó Coigligh áfach go mbíodh an Chríostaíocht dúchais ag briseadh trí shúilibh Majakowski ó thráth go céile. Má tá blas láidir na blaisféimé ar an dán ‘Opblako v Shtanak’ ní séanta go bhfuil eadarlúidí urraim ann chomh maith agus is as múnla na Críostaíochta a fáisceadh an dán ‘Chelovek’. Má ghactar leis go raibh an Rúisis ar a thoil ag Ó Coigligh, is beag amhras nó gur rug sé brí na ndánta seo leis go seoigh sna sleachta fada fianaise as Gaeilge a chuir sé faoin ár mbráid. Ag druidim chun críche dó, ní raibh ach fíor-bheagán le rá aige faoi Phasternak. Ba shár-iarracht í an tuairisc seo, dar liom, ar ghné shuaithinseach d’fhillíocht na Rúise.

IV

Sna blianta 1962-64 d'fhoilsigh *Comhar* neart altanna agus aistí ó pheann Uí Choigligh, mar a bhí 'Súil Soir' (Meitheamh-Deireadh Fómhair 1962); agus 'An Rúis agus an t-Iarthar' (Meitheamh 1963 - Meán Fómhair 1964). Is geall le colúnaíocht chaidreamhach an chéad tsraith acu. San alt tosaigh bronntar gluaiseanna faoi Mayakovski, Esenin, agus Teilhard de Chardin orainn. Tosnaíonn an dara h-alt le tréimhse Chogadh Cathartha na Spáinne agus le sceimhlitheoireacht Stalin agus is iad Ilja Ehrenburg agus Ernest Hemingway ach go háirithe atá i lár an stáitse an turas seo. Léirítear beagán d'iarmhairtí na 'coscairte' a lean ar ré Stalin. "Tháinig na liricí", adeir Ó Coigligh, "Tháinig an jazz. Tháinig an rock-and-roll — 'damn the braces'. Osclaíodh fuinneoga agus ligeadh aer úr isteach." Ligeadh scríbhneoirí thar teorainn amach.

I *Comhar* mhí Lúnasa 1962 castar Andrei Voznesenski agus Yevgeny Evtuschenko orainn, beirt fhilí a rugadh sa bhliain 1933 agus ar fearadh fáilte go Meiriceá ar ball rómpa. Leathann Ó Coigligh sampla rí-spéisiúil d'fhilíocht Voznesenski romhainn — bailéad darb teideal 'Syren' faoi chraobh liathchorcra (lilac) mhúirneach a fhágann a tír dhúchais agus a théann i gceann aistir ó Mhoscó go Vársá. Luann sé sampla eile de shaothar Voznesenski agus deir: "Is follas go bhfuil anál Phasternak faoi na dánta

seo — Pasternak na gcnuasacht tosaigh . . . an Pasternak casta cubo-futuristeach a bhí chomh garghaolmhar san le Majakowski agus Khlebnikov. Dar le W.H. Auden gur cheart don bhfile óg tosnú leis an dúil mhór i bhfocail. Níl aon amhras ná go raibh an dúil san ag Voznesenski — an iomarca di, b’fhéidir. Uaireanta téann sé thar an cheasaigh leis an gcleasaíocht focal, agus teipeann ar na Rúisigh féin aon bhrí a bhaint as a chuid bhéarsaí.” Is eagal liom go ndeacha Séamus féin thar an cheasaigh (cheasaí) an turas seo, nó is beag ‘gnáthléitheoir’ dem leithéid-se a bhainfeadh adhmaid as an tuairisc seo.

Dhealródh go raibh a mhalairt de chúram ar an bhfile Evtuschenko. Scaoilimís seal le Séamus: “Agus é ag caint leis an Ollamh A.J. Ayer ar an BBC an oíche faoi dheireadh i dtaobh ‘The Changing Climate of Philosophy in the Soviet Union’, dúirt Max Hayward gur mheas sé gurbh é dála na bhfealsamh é ag Evtushenko agus scríbhneoirí óga eile. Dar leis go rabhadar ag tóraíocht eitice. . . . Níor aontaigh Ayer leis ar fad i dtaobh na bhfealsamh ach feictear dom go raibh an ceart aige maidir le cuid mhaith de na scríbhneoirí óga”. Deir Séamus go bhfuil an tóraíocht san le tabhairt fé ndeara san dán do scríobh Evtushenko mar gheall ar bhreis agus tríocha míle Giúdach a chuir arm na Gearmáine chun báis in altán nó cumar darb ainm Babii Yar, lámh le Kiev, ar 29-30 Meán Fómhair 1941. In alt scoir na sraithe seo cuireann Séamus “aistriú próis — focal ar fhocal, geall leis” den dán iomlán ar fáil. Is maith is fiú é a léamh agus b’fhéidir nár mhiste an dán ‘Hiroshima’ a scríobh Eoghan Ó Tuairisc dhá bhliain dá éis a léamh ina theannta.

V

I *Comhar* an Mheithimh 1963 thionscnaigh Ó Coigligh sraith altanna darb teideal ‘An Rúis agus an tIarthar’. Is é téama an ailt tosaigh ná ‘An Traidisiún agus an Réalachas Sóisialach’. Deir Séamus: “Má bhí Críostaíocht an Iarthair bunaithe cuid mhór ar an Iustitia, bhí Críostaíocht an Oirthir bunaithe ar fad ar an ngrá. . . . Ní ar ‘uafás ár bpeacaí’, ná ar thinte síoraí Ifrinn, ná fiú amháin ar chéasadh Chríost a bhí umhail an Oirthir . . . ach ar an aontú, an réiteach mór, an Apocatastatis. . . . An té atá dall ar an ‘bhfealsúnacht’ sin an Oirthir, tá sé dall ní amháin ar chuid mhór de litríocht na 19ú aoise ach ar thús agus ar fhás an Chumannachais sa Rúis, chomh maith” (lch. 71).

“Ar feadh na 19ú aoise ar fad, nach mór”, deir sé, “Bhí an coinsias tinn ag cur as do intelligentia na Rúise. Chuaigh na huaisle (Turgenev, Tolstoi) síos i measc na ndaoine . . . agus don chéad uair riamh fuair an Muzhi [an saothraí — mos] a ionad ceart sa litríocht”. Ina leabhar *Cad is Ealaín Ann?* (1898) scríobh Tolstoi, ‘is gléas aontaithe an chine daonna í; gléas chun na daoine a shnadhmadh le chéile sna mothúcháin chéanna — aontacht is gá don bheatha agus do dhul-chun-cinn agus do leas an duine aonair agus an cine daonna i gcoitinne’. In aiste a scríobh sé i 1933 . . . insíonn

Gorki dúinn gur ceann d’aitheanta mórálta na sochaí-aicmí é ‘gráigh do chomharsa mar tú féin’ ach conas is féidir don bhurgeoiseach a chomharsa a ghráú agus a bheith réidh san am céanna é a robáil agus, más gá, é a bhású? Mar nach ar an gcoimhlint bhrúidiúil úd idir an beagán beag atá sách agus an mórán atá dealbh ocrach atá an córas burgeoiseach bunaithe. Is sa sóisialachas amháin atá an grá ceart fírinneach le fáil” (lch.72).

Is iad scríbhinní polaitiúla Aleksandr Ivanovich Herzen is fócas don dara h-alt sa tsraith ‘An Rúis agus an Iarthar’ inar thuairimigh Herzen nach mbeadh sé ar chumas na hEorpa í féin do thárrtháil. Ag scríobh dó i lár na 19ú haoise dúirt Herzen: ‘Tá an Eoraip ag druidim le mórchorraíll (Kataklizm) uafásach. . . . tá na réablóidí polaitiúla traochta spíonta; dhein siad éachta móra ach níor chomhlíon siad a misiún, scrios siad an creideamh agus níor sholáthair siad an tsaoirse. . . . Is muintir chumannach ó dhúchas iad na Rúisigh ach tá siad ina gcodladh fós. . . . Siad na Rúisigh foghlamtha na daoine is saoire ar domhan’ (*Comhar*, Iúil 1963, lch. 21).

Sa bhliain 1861 bhunaigh Dostoevski agus a dheartháir Mikhail tréimhseachán ar a dtugadar *Vremja* (Am). I gcomhar leo bhí fealsamh óg darb ainm Nikolai Strakhov, údar an tsaothair mhóir *An Choimhlint leis an Iarthar i Litríocht na Rúise*. Sa chéad eagrán den tréimhseachán fógraíodh go raibh na ‘Zapadniki’ (na Rúisigh a raibh lé leis an Iarthar acu) agus na Slavofiligh araon as dáta agus go raibh focal nua le rá ag an Rúis, focal a fhéadfadh, b’fhéidir, tús a chur

le sibhialtacht nua olldaonnach uilíoch. Léirigh Dostoevski spíontacht na sean-shibhialtachta arís agus arís eile: “An Páirliminteachas go léir, an uile theoiric shóisialta dá bhfuil á gcráladh i láthair na huair, na bainc, an eolaíocht, na Giúdaigh — dítheofar iad d’aon ráib amháin. . . . Ní leofar an mórán mór a choimeád ina sclábhaithe ag an mbeagán beag níos sia, ach nár d’aonúin chun an sclábhaíocht san a chaomhnadh a cruthaíodh fundúireachtaí cathartha uile na hEorpa. . . . Má mheathlaigh ar an Iarthar, ba ar an Chaitliceachas ba thógtha san. . . . ghlac an Eaglais le stát agus le reacht na Róimhe. Scríosadh an Eaglais, dhein roinn stáit di” (*Comhar*, Deireadh Fómhair 1963, lch. 22). Sa chéad eagrán eile de *Comhar* chaith Séamus Ó Coigligh léas breis ar bharúla comhaimsireacha agus nua-aimsire de pheirspeictíocht Dostoevskii.

Níor chuir Séamus clabhsúr ar an tsraith ‘An Rúis agus an tIarthar’ gan áird a tharraingt athuair ar shaothar Vladimir Solovyov: “Ma chiallaíonn an focal Philosophia an grá do Sophia, don eagnaíocht, is beag muintir a bhí chomh tugtha don fhealsúnacht agus a bhí Rúisigh na 19ú aoise. . . . Agus is beag duine san Rúis ná san Eoraip a bhí chomh tugtha don Sophia agus a bhí Vladimir Solovyov, file, fáidh, draoi. I ndán a chum sé sa bhliain 1898 (‘Tri Svidanya’) insíonn Solovyov dúinn conas mar ar chonaic sé ‘Sophia’ i bhfís trí huair as a chéile. Ba í an Eagnaíocht í, an Bhanúlacht Shíoraí (das Ewig-Weibliche); ba í anam na cruinne í. Ba é Solovyov réamhtheachtaire na filíochta siombalaí san Rúis. . . . An té a léifeadh an leabhar iontach aisteach, iontach suimiúil úd le Solovyov, *An Rúis agus an Eaglais Uilíoch*,

tuigfidh sé cad é mar dhifríocht atá idir Ewig-Weibliche Goethe agus ‘Banúlacht Shíoraí’ Solovyov” (*Comhar*, Nollaig 1963, lch. 44). Is dúshlánach an téama díospóireachta é, an té a mbeadh a chothrom de chur amach ar an litríocht aige ach braithim gurb é Séamus amháin a bhlas an bradán feasa áirithe seo.

An bhliain dar gcionn (1964) riaradh sé cinn de mhíreanna breise — thart ar dhá leathanach an ceann — ar ‘An Rúis agus an tIarthar’ ar leitheoirí *Comhar*. Sa mhír tosaigh tugadh suntas do shaothar le Solovyov, *La Russe et L’Eglise Universelle* a foilsíodh sa bhFraincis sa bhliain 1889 — níor foilsíodh sa Rúisis é go dtí 1913, tráth a raibh Solovyov ar shlí na fírinne. Mheas Ó Coigligh gur “thit an leabhar suathainseach seo idir long agus lamairne. Chuir sé altacht ar Chaitlicigh an Iarthair — is é sin ar an mbeagán beag díobh a léigh in aon chor é — agus chuir sé díomá agus díbhfhéirg ar Cheartchreidmhigh an Oirthir — ní nárbh ionadh, mar bhí an leabhar claonta go mór ina gcoinne”.

Sa bhliain 1900, bliain a bháis, scríobh Solovyov a shaothar deireanach, *Tri Razgovora* — trí chomhrá idir Bean, Prionsa, Polaiteoir, Ginearál, agus G.Z. a raibh aguisín ‘Kratkaya Povest Ob Antikhriste’ nó ‘Scéal Gairid i dtaobh an Ainchríost’ ag gabháil leis an gcomhrá scoir. Is é adeir Séamus leis: “Is ‘Apacailipsis Rúiseach’ é an Povest seo, ach i ngeall ar ar thárla le déanaí — an Chomhairle Uilechoiteann, an caidreamh idir na heaglaisí éagsúla, turas an Phápa [Pól VI — mos] go Iarúsailéim — is scéal iontach tráthúil, uilíoch é, chomh maith. Cheal spáis, caithfead

teacht le cúntas achomair air”. De réir mar a tharla ba ghá ocht leathanach breise in eagráin an Mheithimh, an Iúil agus an Mheán Fómhair chun an achoimre a thuilleadh. Seo mar a bhogann an scéal chun imeachta: “Ba thréimhse cogaí móra, cinntitheacha, cogaí cathartha, agus réabhlóidí é an t-aonú céad fichead, A.D. . . . Ba é Panmongolism na Seapáineach ba shiocair leis an gcogadh ba mhó orthu go léir” (*Comhar*, Feabhra 1964, lch. 22). . . . Ghaibh na Mongólaigh forlás ar an Eoraip. . . . D’eirigh na hEorpaigh amach agus chuir an ruaig ar na tíoránaigh. Bunaíodh Stáit Aontaithe na hEorpa. Ar an mbeagán creidmheach a bhí fágtha san Eoraip bhí ógfhear éirimiúil, sár-oilte ar tugadh an ‘barrfhear’ (Uebermensch) air. I gceann na haimsire rinne Impire an Domhain de, tráth a léirigh sé go mb’é an t-Ainchríost é. Thug sé asairlí cáiliúil, darbh ainm Apollon, ón Oirthear chun na Róimhe agus chuir iallach ar an bPápa cairdinéal a dhéanamh de. Ar na *dramatis personae* eile bhí Eoin, treoraí neamh-oifigiúil na gCeartchreidmheach, agus an tOllamh Ernest Pauli, diagaire agus ceannasaí na bProtastúnach. Níor ceileadh féith na fáistineachta ar Sholovyov agus an fhís seo dá ríomh aige ach is amhlaidh a ceileadh spás ar ‘achomre’ Shéamuis agus é ag druidim chun clabhsúir.

Le blianta beaga anuas tá borradh suntasach faoi spéis scoláirí Rúiseacha agus eachtracha i saothar Solovyov. Deir Judith Deutsch Kornblatt, mar shampla: “[Solovyov] is perhaps best-known today as a religious philosopher, whose mystical visions of the Divine Sophia inspired both himself and the next generation of philosophers

and poets. . . . Rediscovered in his homeland by Soviet dissidents in the 1960s, he is experiencing another revival by the intellectual elite in this post-Soviet era” (‘The Truth of the Word: Solovyov’s *Three Conversations* speaks on Tolstoy’s Resurrection’, *Slavic and East European Journal*, Vol. 45, summer 2001, 301). Mar fhianaise air sin luaim an chomhdháil idirnáisiúnta ‘Russia and the Universal Church’ a tionóladh i Moscó sa bhliain 2003 i gcomóradh ar Sholovyov (1853-1900) [breathnaigh www.standrews.ru].

VI

Sa bhliain 1974 i measc comórtaisí liteartha an Oireachtais fógraíodh Comórtas Cuimhneacháin an Athar Callewaert ar leabhar nár foilsíodh i nGaeilge cheana faoi ghné de shaíocht mhion-náisiúin eile na hEorpa. Bhain Séamus Ó Coigligh an duais le leabhar ar shaol agus ar shaothar Sándor Petöfi (1823-1847), file náisiúnta na hUngáire. Ní miste tuairisc an mholtóra, An tAth. Diarmuid Ó Laoghaire, S.J., a athbreacadh ina hiomláine, cé is moite de roinnt bheag leasaithe a luaitear:

Is dóigh liom go dtuilleann an aiste seo go maith an duais. Rud annamh againn sa Ghaeilge a leithéid agus tá an t-údar le moladh go mór ar an scrúdú domhain atá déanta aige (aici) ar shaol, smaointe and filíocht an fhile mhóir seo. Is breá liom freisin fairsingeacht an léirmheasa agus an tarraingt a dhéantar ar shaothar scríbhneoirí móra eile a scríobh i dteangacha eile seachas an Ungáiris. Díol mór spéise, ar ndóigh, an síorchomórtas idir an scéal annso in Éirinn agus san Ungáir. Tugann an t-údar a bhreithiúnas meáite féin ar na cúrsaí sin uile.

Locht ar an aiste is ea gan í a bheith roinnte ina caibidlí. Cuireann sin dua ar an léitheoir. Mholfainn freisin treoir nó innéacs a chur leis an aiste nó ar a laghad liosta na ndaoine a luaitear san aiste, etc. [MS. G 1,396/11

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Táim fíor-bhuíoch de
Mháire Ní Chonnaláin a chuir an tuairisc seo ar fáil dom.]

Má's díol buíochais é gur fhoilsigh Coiscéim an duais-
iarracht sa bhliain 1991, is díol áiféala é nár thóg an t-údar
ná an foilsitheoir ceann de mholtaí leasaithe Uí Laoghaire.
Dá réir sin, ní tógtha ar Ghréagóir Ó Dúill, agus an leabhar
á léirmheas aige, a ghearán go “mbristear rith an scéil go
hanmhinic le sleachta fada Ungáirise agus le haistriúcháin
phróis orthu sin”. Ar a shála sin, áfach, deir Ó Dúill,

Maidir leis an aistriúchán de, cuireann an Coiglíoch
roimhe cloí go docht le brí na ndánta. Ní thairgeann sé
leaganacha saora dúinn agus is fearr sin nuair atá meon
an fhile óig rómánsaigh, náisiúnaigh chomh coimhthíoch
sin againn. Ach is beag d'úire agus de dhraíocht an
chineáil sin filíochta a thagann chugainn sna habairtí tura
dochreidte Gaeilge. (*Comhar*, Meán Fómhair 1991, 35-36).

Agus dán dá idirtheangú i gcás mar seo ní foláir ceist
bhunúsach a réiteach, dar liom: céacu ag “úire agus
draíocht” na hUngáirise nó ag “úire agus draíocht” na
Gaeilge a bheidh in uachtar. An té nach bhfuil an Ungáiris
ar a thoil aige, níl sé i ndán dó “úire agus draíocht” na
hUngáirise a bhlaiseadh agus breith dá réir a thabhairt
ar shainiúlacht an idirtheangaithe. Chuige sin theastódh
saineolaí a bheadh gaoiseach sa dá theanga — duine dála
Josef Szoeverffy (*Irishes Erzählgut im Abendland*, 1957;
An Ungáir, 1958). Faraor, is i gCeanada, feadh m'eolais, a
bhí cónaí ar Szoeverffy (1920-2001) nuair a foilsíodh duais-
iarracht Oireachtais 1974 Uí Choigligh sa bhliain 1991.

An amhlaidh atá meon Phetöfi “chomh coimhthíoch” sin i ndeireadh báire agus gur mhill prós na “n-abairtí tura dochreidte Gaeilge” úire agus draíocht dhánta an Ungáirigh? Ceadaiódh an léitheoir dom cúpla sampla de phrós Uí Choigligh a chur fén a bhráid. Tosnaímís le léas ar an bhfile óg agus brum air (focal fóna eile atá ag an Duinníneach ach atá in easnamh ar Ó Dónaill):

Tá sé ina oíche im chloigeann, ina oíche thar oícheannta agus tá an oíche seo lán de thaibhsí; im aigne saolaíonn smaointe smaointe eile agus réabann siad agus roiseann siad a chéile ar nós ainmhithe allta. Fuil mo chroí ar coipeadh le teann fiabhrais ar nós uisce i gcoire na bandraoi. Mo shamhlaíocht trí thine amhail is dá mba dreige í ag gluaiseacht trasna an domhain agus í ag bailiú léi ar feadh an ama. An t-éadóchas mar chomrádaí tí agam, an ghealtacht mar chomharsa bhéal dorais agam (op. cit. 50).

Seo (sliocht as?) dán a chum Petöfi dá bhean go gairid roimh a bháis:

An cuimhin leat an lá a shuíomar i gcéadóir faoi scáth an chrainn seo os cionn an locha seo? Scinneann an t-am ar nós na gaoithe uainn, tá dhá bhliain ó shin ann . . . Dhá bhliain . . . Thóg sé cuid mhaith uaim idir an dá linn, ach ní gearánta dom, thug sé dom i bhfad níos mó ná mar thóg sé uaim. Ligimís ár scíth anseo nóiméad, tar i leith in aice liom. San áit a rabhas chomh buartha san tráth, lig dom taibhreamh ar mo shonas gan traothadh (op. cit. 169).

Dá aithle sin deir Ó Coigligh: “Cuirtear an tseancheist orainn: cad is feidhm don fhile in aimsir chogaidh?” Is cosúil go dtoilleann ocht rainn freagra Phetöfi; cuirtear ina bpéire agus ina bpéire in ár láthair iad agus leagan próis na Gaeilge idir eatorra. Seo leanas an cúntas iomlán:

‘Cad atá agaibh á chanadh, a fhilí caoindúthrachtacha. Cad uime an t-amhrán seo ina leithéid seo d’am? Ní aireoidh an saol sibh, caillfear bhúr gceol i bhfothram an chatha. Cuirigí uaibh an lir, a ógánacha córa. Ní fearrde sinn bhúr séisbhinneas. Ní foláir nó is eol daoibh ná bíonn fáil ar an bhfuisseog nuair a bhíonn sé ag tóirneach.

B’fhéidir é. Ach ní fhiafraíonn an t-éan an bhfuil éinne ag éisteacht léi thíos ansin: is di féin agus do Dhia a dhéanann an fhuisseog ceol thuas sna spéartha gorma. Is uaidh féin a éiríonn an t-amhrán ónár gcroí. Nuair a chorraíonn brón nó soilbhreas sinn éiríonn an t-amhrán faoi mar a éiríonn duilleoga tite an róis le leoithne gaoithe.

Canaimís linn, a chomhfhilí, ach bíodh ár gceol níos binne anois ná riamh. Fímís nóta nó dhó de cheol íon neimhe leis an rúille búille mire seo ar talamh.

Tá leath an domhain ina fhothrach . . . radharc léanmhar a chiapann súil agus croí. Bíodh ár n-anamacha agus ár gcuid amhrán ina gclúdach eidhneáin ghlais ar na fothracha gruama’ (op. cit. 170-71).

Ní séanta go gceileann an leagan próis dealbh agus gréasadh dhánta Phetöfi orainn ach ina dhiaidh sin, dar liom, lonraíonn an próis pearsanacht an fhile sa mhéid

is go bhfuil feidhm dialainne, mar adéarfá, ag croinic a shaothair. Is ar éigin a phléigh an Coiglíoch an gné sin dá aiste chuimsitheach. Ar chlúdach cúil a leabhair ar Sándor Petöfi deir sé: “Is iarracht é seo ar scéal an fhile mhóir a insint trí bhíthin a chuid filíochta”. Ba mhar a chéile a chaith sé le filí agus le fealsaimh na Spáinne agus na Rúise. Fear dána daonnachtúil, gaoiseach teanga agus treoraí Eorpach é a chuir mór-chomaoin ar lucht léite na Gaeilge nuair ba bheag aitheantas a bhí i ndán dó. Gabhaim buíochas ó chroí leis an Dr Seán Ó Maoláin, Leabharlannaí Sínséarach Feidhmiúcháin, Leabharlanna Cathrach Chorcaí, a chóirigh an saothar seo chun foilsithe.

***i gCorcaigh dom
27 Meitheamh 2013***

Sraith Ócáideach
Occasional Series **4**



LIBRARIES
LEABHARLANNA